### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 2 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Oiliúna agus an t-iniúchadh sin a thuairisciú do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir, agus an t-iniúchadh seo á dhéanamh, dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfeair i gcónaí in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar gur ráitis ábhartha iad, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, má mheastar go bhfuil ionchas réasúnta ann go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamúla úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, tugaim mo bhreithiúnas gairmiúil agus cloím le seasamh gairmiúil sceipteachais ó thús deireadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha i gcás na ráiteas airgeadais cibé de dheasca calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraifeair míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh oibriú as lámh duine, falsaitheacht, faillí tolach, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna tosca, ach ní chun tuairim a habhairt ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.

- Measaim a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtáí gaolmhara.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn, i measc nithe eile, maidir le réimse agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaitheann le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniú a bhí ag teastáil uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nár leor na taifid cuntais chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid cuntais.

### Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál dearbhaithe maidir leo.

Maidir le m'iniúchadh ar an ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus lena linn a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndearraíonn sé a bheith míráite go hábhartha. Má dhéanaim amach, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile seo, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déanaim m'iniúchadh faoi threoir na gcoinníollacha speisialta a ghabhann le bainistíocht agus oibriú comhlachtaí Stáit. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar seoladh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta maidir lena rialta atá na hidirbhearta airgeadais. Tuairiscím má tá cás ábhartha ann nuair nár cuireadh arigead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí dár ceapadh é nó nuair ní raibh idirbhearta ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

**AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA**  
**AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022**

**Innéacs**

Réamhrá	Lch 2
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais	Lgh 3-6
Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta	Lch 7
Cuntas ioncaim agus caiteachais	Lch 8
Clár Comhardaithe	Lch 9
Nótaí leis na Cuntais	Lgh 10-12



## AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA

### AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022

#### RÉAMHRÁ

An tAcht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000 (an tAcht) a rialaíonn oibriú an Chiste Náisiúnta Oiliúna ("CNO").

Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta tar éis feidhmeanna breisoideachais agus ardoideachais, an Ciste Náisiúnta Oiliúna san áireamh, a aistriú ón Roinn Oideachais le dáta éifeachtach den 21 Deireadh Fómhair 2020.

Leithdháileann an tAire maoiniú ón CNO le toiliú Aire na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta.

Forálann alt 7 den Acht gur féidir iocaíochtaí a dhéanamh ón CNO i leith scéimeanna a bhunaítear chun:

- a) scileanna na ndaoine atá i bhfostaíocht a ardú;
- b) oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo scileanna a fháil chun dul i mbun fostaíochta; nó
- c) faisnéis a sholáthar maidir le riachtanais reatha, nó riachtanais dhóchúla, maidir le scileanna sa gheilleagar.

Níl an CNO ina chuid de Vóta na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Mar sin féin, déantar an leithdháileadh do gach scéim a chinneadh mar chuid de phróiseas na Meastachán bliantúil agus tá sé san áireamh mar iarscríbhinn leis na Meastachán Athbheithnithe foilsithe.

Éilíonn an tAcht freisin go n-ullmhaítear Ráitis Airgeadais an CNO ar bhonn bliantúil, lena scrúdú agus lena ndeimhniú ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.



## AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA

### AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022

#### RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

##### Freagracht as Córas an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú maidir leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna ("CNO").

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'obleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtairfeadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an t-iniúchadh inmheánach:

##### Seirbhísí comhroinnte

Ó bunaíodh í in 2020, bhain an Roinn seo leas as socrú seirbhísí comhroinnte leis an Roinn Oideachais maidir le roinnt réimsí gnó agus corparáideacha. Ina measc seo tá AD, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, TFC, pleanáil chaipitil, maoirseacht ar chaidrimh rialachais chorparáidigh le comhlachtaí coimirce, tacaíocht riaracháin do sholáthróirí oideachais agus oibriú feidhmeanna beartais idirnáisiúnta. Tá na socrúithe mionsonraithe a rialaíonn na seirbhísí comhroinnte seo faoi réir próisis chomhfhorbairtha agus doiciméadúcháin agus tá comhaontuithe i bhfeidhm maidir le roinnt réimsí lena n-áirítear, soláthar TFC agus seachadadh seirbhísí comhroinnte don earnáil treasach; pleanáil chaipitil; airgeadas; agus rialachas gníomhaireachta. Tá iniúchadh inmheánach agus comhairle dlí, a soláthraíodh roimhe seo ar bhonn seirbhísí comhroinnte, á seachadadh go himmheánach anois. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar chomhaontuithe a chlúdaíonn feidhmeanna seirbhíse comhroinnte atá fós gan réiteach.

Tá seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) don Roinn seo freisin le haghaidh feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna.

Ó thaobh fháil na seirbhísí comhroinnte, chuaigh mé i dtuilleamaí na rialuithe cearta a bheith á gcur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus ag an NSSO araon. Glacaim cinnteacht as an gcóras rialaithe mar a thuiriscigh gach Oifigeach Cuntasaíochta dom mar atá leagtha amach i litreacha dearbhaithe a chuir an dá eagraíocht ar fáil.

##### Comhlachtaí coimirce

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn maoirsiú ar chomhlachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne seo. Tacaíonn rannáin eile ar fud na Roinne leis na rannáin bheartais agus ar bhonn seirbhísí comhroinnte ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne Oideachais.

Ar an gcéad dul síos tá gach Bord agus Cathaoirleach an Bhoird faoi seach freagrach as comhlíonadh sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí coimirce. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn seo agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- bunús reachtach an chomhlachta agus

- *Cód Cleachtais chun comhlachtaí Stáit a rialú 2016* de chuid na Roinne agus iarscríbhinní a ghabhann leis an gcód.

Oibríonn an Roinn lena chomhlachtaí coimirce i gcónaí le cinntiú go sásaítear na coinníollacha maoirseachta atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm le gach comhlacht.

### **An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais**

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina gcuimsítear na heilimintí seo a leanas:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo chuid freagrachtaí as an gcóras inmheánach um rialú airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe agus tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

### **Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin ann agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta, agus go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú leanúnach
- déanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- tá córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú;
- tá treoirínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail; agus
- déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte ábhartha..

### **Coiste Iniúcháireachta inmheánaí agus Iniúcháireachta**

Dearbhaim go bhfuil feidhmeannas iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair ann agus iad ag feidhmiú de réir na Cairte Scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochtá dóibh bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhíonn na beartais iniúcháireachta inmheánaí, a fhaomhaim féin, bunaithe. Is é is cuspóir don phlean iniúchta inmheánaigh na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar iar-obair ar thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

I rith 2022, d'fhostaigh an Roinn seo gnólacht iniúcháireachta seachtraí, a soláthraíodh trí chreat iniúcháireachta na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), chun oibriú in éineacht leis an gCeann Iniúcháireachta Inmheánaí. Chuir an coiste iniúcháireachta, a bunaíodh in 2021, an plean iniúcháireachta inmheánaí 2022 – 2024 chun feidhme agus chuir sé chun cinn é agus rinneadh bearta chun díriú ar shaincheisteanna a tuairiscíodh agus chun ár rialuithe airgeadais, riaracháin agus tuairiscithe a neartú.

## **Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéad is féidir.

Déantar rioscaí a shainaithníonn aonaid ghnó a thaifeadadh ar chlár ríomhRiosca láraithe nua agus déantar iad a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú foirmiúil ar an gclár riosca. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun féachaint chuige go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

In 2022 rinne an Coiste Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar théarmaí tagartha na Roinne agus ar an mbeartas bainistíochta riosca. Foráiltear sa bheartas d'aithint agus do scóráil rioscaí chun an dóchúlacht go dtarlóidh siad agus go mbeidh tionchar acu a chinneadh. Déanann sé foráil freisin do leibhéil éagsúla maoirseachta, lena n-áirítear rioscaí arna sainaithint ag aonaid ghnó a bheith aontaithe ag ceannairí na n-aonad gnó agus ag gach ceannaire rannáin chomh maith le bheith athbhreithnithe ag an mBord Bainistíochta.

## **Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus do bhainisteoirí agus don bhord bainistíochta, leis, nuair is cuí. Dearbhaim go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

## **Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Dearbhaim go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a bainistíocht riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Is é obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearach a laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

## **Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach Airgeadais**

Níor shainaithin an Roinn seo aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an CNO le linn 2022, rud a d'fhág go raibh cailiteanais ann is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## **An Ciste Náisiúnta Oiliúna**

Thacaigh Grúpa Comhairleach an CNO go láidir le húsáid an bharrachais chun díriú ar riachtanais na bhfostóirí nuair atá costais ag dul in airde, agus méadú ar éiginnteacht agus ar iomaíocht. Ag smaoineamh siar ar mholadh Athbhreithniú Indecon go n-úsáidfi an CNO mar shócmhainn náisiúnta straitéiseach i bhfianaise scála na gcuspóirí athoiliúna agus breisoiliúna don fhórsa saothair, molann an Grúpa úsáid a bhaint as an mbarrachas chun infheistíocht a dhéanamh sna scileanna digiteacha, glasa, bainistíochta agus infhostaitheachta atá ríthábhachtach chun teacht aniar a chothú san fhórsa saothair do chúrsaí oibre sa todhchaí. D'fhéadfadh an barrachas a bheith mar bhonn is mar thaca ag athrú céime riachtanach i bhforbairt scileanna, tallainne agus lucht saothair, ag cuidiú leis an ngeilleagar a chosaint don todhchaí agus ag cosaint inbhuanaitheacht na leibhéal fostaíochta reatha.

Fógraíodh go déanach in 2022 sainordú méadaithe do Skillnet Ireland, mar ghníomhaireacht an Rialtais a bhfuil comhpháirtíochtaí fairsinge aici leis an tionscal, maidir le forbairt lucht saothair a threorú agus foilseofar athbhreithniú an ECFE ar chur chuige na hÉireann maidir le planáil agus forbairt scileanna go luath in 2023.

Tacóidh siad seo agus forbairtí eile le tuilleadh breithnithe beartais ag an Rialtas ar thosaíochtaí scileanna agus úsáid fhéideartha an bharrachais CNO. Oibríonn an Roinn go dlúth le Ranna eile i gcónaí chun roghanna a fhorbairt chun an CNO a úsáid chun tacú le tosaíochtaí scileanna agus chun

cáilíocht an lucht saothair a fhorbairt. Mar chuid de Mheastacháin Athbhreithnithe 2023, aistríodh buiséid na gclár Iar-Ardeistiméireachta ón Vóta go dtí an CNO.



**Jim Breslin,**

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

30 Márta 2023.

**AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA**  
**AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022**  
**RÁITEAS FAOI BHEARTAIS AGUS FAOI PHRIONSABAIL**  
**CHUNTASAÍOCHTA**

**Beartais Chuntasaíochta**

Cuirtear na beartais agus na nósanna imeachta caighdeánacha cuntasaíochta atá leagtha amach anseo i bhfeidhm agus Ráitis Airgeadais an Chiste Náisiúnta Oiliúna ("CNO") á n-ullmhú.

**a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh an CNO leis an Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000 (an "tAcht") chun scileanna na ndaoine atá i bhfostaíocht a ardú, chun scileanna ábhartha a thabhairt do chuardaitheoirí poist agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil a éascú.

Tá cuntas reatha agus cuntas infheistíochta san CNO. Déanann Aire na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an cuntas reatha a bhainistiú agus a rialú agus déanann an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe an cuntas infheistíochta a bhainistiú agus a rialú.

Déantar suimeanna iniúchta isteach agus amach as an CNO a phróiseáil tríd an gcuntas reatha. Aistrítear aon iarmhéid atá chun sochair chuntas reatha an CNO, agus nach bhfuil ag teastáil chun freastal ar chaiteachas reatha, chuig an gcuntas infheistíochta.

De réir an Achta, fanann an barrachas sa CNO sa chiste le haghaidh ath-infheistiú féideartha i ngníomhaíochtaí oiliúna incháilithe eile.

**b) An Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais an CNO ar bhonn cuntais airgid thirim, mar a ordáíonn an tAire Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe faoi Alt 2(14) den Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000.

**c) Tréimhse Tuairiscithe**

Is í an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 an tréimhse tuairiscithe.

**d) Ioncam**

Tugtar ioncam lena n-áirítear fáltais tobhaigh CNO agus fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa chun cuntais ar bhonn fáltas airgid.

**e) Caiteachas**

Aithnítear caiteachas ar bhonn íocaíochtaí a eisítear i rith na bliana.

**f) Infheistíocht**

Coinnítear an barrachas ar an CNO i nótaí státchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN"). Tá an ghluaiseacht ar na nótaí státchiste leagtha amach i Nóta 9.

**AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA**  
**AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022**  
**CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS**

	Nóta	2022 €000	2021 €000
<b>Ioncam</b>			
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna	1	950,800	797,250
Ciste Sóisialta na hEorpa	2	-	82,000
Ús Comhlán ar Thaiscí		30	-
		<b>950,830</b>	<b>879,250</b>
<b>Caiteachas</b>			
Cláir dóibh siúd atá Fostaithe	3	313,410	235,733
Sealbhú scileanna ar mhaithe le Fostaíocht a fháil	4	365,421	356,095
Faisnéis ar Ríachtanais Scile a Sholáthar	5	2,466	2,304
Muirir Bhainc	6	17	20
Táillí Iniúchta	7	18	36
		<b>681,332</b>	<b>594,188</b>
<b>Barrachas don bhliain</b>		269,498	285,062
<b>Iarmhéid a iompraíodh isteach ar 1 Eanáir</b>		1,102,524	817,464
Coigeartú don bhliain roimhe <sup>a</sup>		-	(2)
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig</b>		<b>1,372,022</b>	<b>1,102,524</b>

Nóta <sup>a</sup> Baineann an coigeartú le hearráid in iarmhéid na cánach siarchoinneála a aithníodh sa bhliain roimhe

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 9.



**Jim Breslin,**

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

30 Márta 2023.



**AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA**  
**AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022**

**Clár Comhardaithe**

	Nóta	2022 €000	2021 €000
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Airgead sa bhanc		7	2
Infheistíochtaí GBCN	9	1,372,015	1,102,522
		<b>1,372,022</b>	<b>1,102,524</b>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
		-	-
<b>Glansócmhainní</b>		<b>1,372,022</b>	<b>1,102,524</b>
<b>Arna n-ionadú ag:</b>			
Barrachas Carntha <sup>a</sup>		1,372,022	1,102,524
		<b>1,372,022</b>	<b>1,102,524</b>

Nóta <sup>a</sup> Rinneadh athbheithniú €2,000 ar an mbarrachas carntha do 2021 chun coigeartú na bliana roimhe sin sna cuntais a léiriú.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 9.



**Jim Breslin,**

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

30 Márta 2023.

**AN CISTE NÁISIÚNTA OILIÚNA**  
**AN BHLIAIN DAR CRÍÓCH 31 NOLLAIG 2022**  
**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**1. Ioncam ó Thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna**

Forálann an tAcht um an gCiste Náisiúnta Oiliúna, 2000 d'fhorchur an Chiste Náisiúnta Oiliúna ("CNO") ar fhostóirí i leith fostaithe áirithe – le húsáid chun scileanna a thabhairt nó chun scileanna a ardú ina measc siúd atá i bhfostaíocht nó atá ag lorg fostaíochta. Is ionann an tobhach ar fhostóirí faoi láthair agus 1.0% den tuilleamh ináirithe i leith fostaithe i bhfostaíochtaí Aicme A agus Aicme H, arb ionann é agus thart ar 75% de na fostaithe árachaithe go léir.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an tobhach mar chuid den chóras bailithe ÁSPC agus íoctar leis an gCiste Árachais Shóisialaigh ("CÁS") de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ("RCS") é. Gach bliain déanann an RCS anailís staitistiúil ar na sonraí bailithe ÁSPC chun cistí a chionroinnt ar an CÁS agus an CNO.

Ba é céatadán na ranníocaíochtaí ÁSPC comhlán a leithdháileadh ar an CNO in 2022 ná 6.50%. (2021: 6.58%).

Nochtann ráitis airgeadais an CÁS sócmhainn €0.2 milliún (2021: dliteanas €0.3 milliún atá dlite don CNO) ag deireadh 2022, i leith méideanna tobhaigh a bhí dlite ón CNO.

**2. Ioncam ó Chistí Struchtúracha na hEorpa**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020	-	82,000
	-	<b>82,000</b>

**Nóta** Is clár seacht mbliana de chuid CSE é an Clár um Chuimsiú agus Foghlaim Infhostaitheachta ("CICF") 2014-2020. Is de rogha na mBallstát aonair uainiú éileamh fáltais CSE ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na ceanglais íosta tarraingthe anuas faoi rialacháin CSE. Féadfaidh na fáltais iarbhír CSE a éilfear in aon bhliain ar leith athrú ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear leibhéal gníomhaíochta an chláir.

Ní raibh aon fháltais ag eascairt as an gClár um Infhostaitheacht, Chuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020, ar clár é atá cómhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), toisc go bhfuil fáltais eisithe maidir le 97% den leithdháileadh bunaidh leasaithe cheana féin. Déanfar an fuilleach a dháileadh nuair a bheidh an clár dúnta go foirmiúil.

D'fhorhmeas an Coimisiún Eorpach agus an Chomh-aireacht le linn R4 2022 an clár cómhaoinithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE+) don tréimhse 2021-2027, Scileanna agus Oiliúint um Chuimsiú Fostaíochta (EIST).

### 3. Cláir dóibh siúd atá Fostaithe

Clár	Faighteoir(i)	2022	2021
		€000	€000
Printíseacht	SOLAS/HEA	209,789	150,696
Clár Líonraí Oiliúna	Skillnet Ireland	45,706	35,449
Deontais Oiliúna do Thionscail	Fiontraíocht Éireann agus an IDA	6,500	6,500
Springboard	An tÚdarás um Ard-Oideachas	31,050	25,113
Oiliúnóireachtaí	SOLAS	2,900	2,900
Nuáil i Scileanna Réigiúnacha	BOOnna/ITanna	539	294
Eagraíochtaí Pobail & Deonacha	An Roth	1,140	1,140
Forbairt Ghairmiúil d'Fhostaithe agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	SOLAS	15,386	13,241
Forbairt Ghairmiúil d'Fhostaithe agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	Institiúid Innealtóirí Éireann	400	400
		<b>313,410</b>	<b>235,733</b>

### 4. Sealbhú scileanna ar mhaithe le Fostaíocht a fháil

Clár	Faighteoir(i)	2022	2021
		€000	€000
Daoine a Oiliúint don Fhostaíocht	SOLAS	130,174	126,996
Ardoideachas dírithe ar an bhFiontraíocht	An tÚdarás um Ard-Oideachas	152,555	148,352
Springboard	An tÚdarás um Ard-Oideachas	10,388	10,238
Clár Líonraí Oiliúna	Skillnet Ireland	5,449	5,449
Deontas Tacaíocht don Fhostaíocht Theicniúil	An Roinn Coimirce Shóisialaí	2,352	1,812
Oiliúint Pobail don Fhostaíocht	An Roinn Coimirce Shóisialaí	3,684	3,146
Clár um Shocrúchán Thaithí Oibre	An Roinn Coimirce Shóisialaí	819	102
Human Capital Initiative	An tÚdarás um Ard-Oideachas	60,000	60,000
<b>Iomlán</b>		<b>365,421</b>	<b>356,095</b>

### 5. Faisnéis ar Riachtanais Scile a Sholáthar

Clár	Faighteoir(i)	2022	2021
		€000	€000
Forfás - Sainghrúpa ar Riachtanais Scile na Todhchaí	An Roinn Fionlair, Trádála agus Fostaíochta	1,569	523
Anailís ar Scileanna	SOLAS	737	580
Fórim Scileanna Réigiúnacha	Institiúidí Ardoideachais/BOOnna	160	1,201
<b>Iomlán</b>		<b>2,466</b>	<b>2,304</b>

## 6. Ús Bainc Iníoctha agus Muirir

	2022	2021
	€000	€000
Cuntas Bainc Thráchtála -- Ús Diúltach	14	20
Cuntas Bainc Thráchtála -- D.I.R.T	3	-
<b>Iomlán</b>	<b>17</b>	<b>20</b>

## 7. Táillí Iniúchóireachta

	2022	2021
	€000	€000
Táillí Iniúchóireachta	18	36
<b>Iomlán</b>	<b>18</b>	<b>36</b>

## 8. Barrachas CNO

Seasann barrachas carntha an CNO ag €1.37 billiún faoi láthair. Léiríonn an fás ar an mbarrachas carntha an méadú ar ráta an tobhaigh ó 0.7% go 1% (2018-2020) agus an fás leanúnach ar fhostaíocht sa gheilleagar.

Teastaíonn méadú ar uasteorainneacha caiteachais na Roinne agus an Rialtais i gcás aon mhéadú ar chaiteachas an CNO, gach ní eile a bheith comhionann agus gan laghdú comhfhreagrach ar an Vóta. Méadaíonn caiteachas CNO caiteachas an rialtais ghinearálta agus ní féidir freastal air ach amháin laistigh den straitéis fhioscach a chomhaontaigh an Rialtas.

Sa chomhthéacs seo, tá sé beartaithe go bhféadfadh an barrachas a bheith ina chuid thábhachtach den fhreagra iomlán scileanna chun díriú ar an athrú suntasach san ionad oibre a bhaineann le digitíú, uathoibriú agus leis an athrú aeráide, a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar a dtionchar sna blianta atá le teacht agus a bhfuil plé ar siúl ina leith.

## 9. Infheistíochtaí GBCN

	2022	2021
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir	1,102,522	817,457
Glanaistriú ón gcuntas reatha	269,472	285,065
Ús comhlán tuillte	21	-
<b>Iarmhéid deiridh ag 31ú Nollaig<sup>4</sup></b>	<b>1,372,015</b>	<b>1,102,522</b>

**Nóta** <sup>4</sup> Ar 31 Nollaig 2022, bhí €1.37 billiún (2021: €1.1 billiún) á choinneáil i Nótaí Stáitchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN") chun nochtadh do tháillí ráta úis diúltacha a laghdú agus ag an am céanna leachtacht an chiste a choinneáil agus riosca neamhchosanta don CNO a íoslaghdú. Ceadaíodh an t-aistriú seo le fo-ailt 9 go 11 d'alt 2 den Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000.